2025/1863

2.10.2025

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 128/2025**

**an 13 Meitheamh 2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/1863]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2025/350 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2025 lena ndiúltaítear údarú a thabhairt do mhaíomh sláinte a dhéantar i leith bianna, seachas na maímh sin lena dtagraítear do riosca galair a laghdú agus iad siúd lena dtagraítear d'fhorbairt agus do shláinte leanaí ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2025/351 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia, lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1616 maidir le hábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bianna, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 282/2008, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2023/2006 maidir le dea-chleachtas monaraíochta d'ábhair agus d'earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia a mhéid a bhaineann le plaisteach athchúrsáilte agus ábhair eile a bhaineann le rialú cáilíochta agus monaraíocht ábhar plaisteach agus earraí plaisteacha atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bhia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bhia, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear i réamhrá Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Caibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasaítear í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointí 54zzzb (Rialachán (CE)Uimh. 2023/2006 ón gCoimisiún) agus 55 (Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún):

   '— **32025 R 0351**: Rialachán (AE) 2025/351 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2025 (IO L 2025/351, 24.2.2025).'

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 56 (Rialachán (AE) 2022/1616 ón gCoimisiún):

   ', arna leasú le:

   — **32025 R 0351**: Rialachán (AE) 2025/351 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2025 (IO L 2025/351, 24.2.2025).'

3. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 264 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/167 ón gCoimisiún):

   '265. **32025 R 0350**: Rialachán (AE) Uimh. 2015/350 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2025 lena ndiúltaítear údarú a thabhairt do mhaíomh sláinte a dhéantar i leith bianna, seachas na maímh sin lena dtagraítear do riosca galair a laghdú agus iad siúd lena dtagraítear d'fhorbairt agus do shláinte leanaí (IO L, 2025/350, 24.2.2025).'

([1]) IO L 2025/350, 24.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/350/oj.
([2]) IO L 2025/351, 24.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/351/oj.

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin (AE) 2025/350 agus (AE) 2025/351 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 14 Meitheamh 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.